2025/1275

27.6.2025

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/1275 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Márta 2025

lena gceartaítear leaganacha teanga áirithe de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/857 lena bhforlíontar Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear modheolaíocht chaighdeánaithe agus modheolaíocht chaighdeánaithe shimplithe chun meastóireacht a dhéanamh ar rioscaí a eascraíonn as athruithe féideartha i rátaí úis a dhéanann difear do luach eacnamaíoch cothromais agus do ghlanioncam úis gníomhaíochtaí leabhar neamhthrádála institiúide araon

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE [1], agus go háirithe Airteagal 84(5), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá earráid sna leaganacha Cróitise, Eastóinise, Fionlainnise, Gréigise, Gaeilge, Laitvise, Liotuáinise, Máltaise, Polainnise, Portaingéilise, Seicise, Slóivéinise, Slóvaicise agus Sualainnise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/857 ón gCoimisiún [2] in Airteagal 1, pointe (3), a mhéid a bhaineann leis an ráta úis saor ó riosca a shainmhíniú. Leis an earráid, déantar brí na forála sin a athrú, agus déantar difear dá substaint dá bharr.

(2) Tá earráid sna leaganacha Bulgáirise, Cróitise, Gaeilge, Iodáilise, Liotuáinise, Máltaise, Portaingéilise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/857 in Airteagal 1, pointí (13) agus (14) a mhéid a bhaineann leis na rátaí úis is infheidhme. Leis an earráid, déantar brí na bhforálacha sin a athrú, agus déantar difear dá substaint dá bharr.

(3) Tá earráid sna leaganacha Bulgáirise, Cróitise, Gearmáinise, Gréigise, Gaeilge, Iodáilise, Laitvise, Liotuáinise, Máltaise, Polainnise, Portaingéilise, Rómáinise, Seicise, Slóivéinise agus Slóvaicise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/857 in Airteagal 9(2), an chéad mhír, an dara habairt de, agus in Airteagal 10(4), an chéad mhír, an dara habairt de, a mhéid a bhaineann le struchtúr téarma na rátaí úis. Thairis sin, tá earráid sa leagan Gaeilge sna forálacha sin a mhéid a bhaineann le hábhar na bpunann ábhartha. Leis na hearráidí, déantar brí na bhforálacha sin a athrú, agus déantar difear dá substaint dá bharr.

(4) Ina theannta sin, tá earráid sa leagan Gaeilge de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/857 in Airteagal 9(4), an chéad fhomhír, pointe (a), agus in Airteagal 10, míreanna (6) agus (7), an chéad abairt, a mhéid a bhaineann leis an gcineál táirge lena mbaineann na forálacha sin. Leis an earráid, déantar brí na bhforálacha sin a athrú, agus déantar difear dá substaint dá bharr.

(5) Tá earráid sa leagan Polainnise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/857 in Airteagal 12(2), an chéad fhomhír de, san fhoclaíocht tosaigh, a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha faoina bhfuil feidhm ag an oibleagáid. Leis an earráid, déantar brí na forála a athrú, agus déantar difear dá substaint dá bharr.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, na leaganacha Bulgáirise, Cróitise, Eastóinise, Fionlainnise, Gearmáinise, Gréigise, Gaeilge, Iodáilise, Laitvise, Liotuáinise, Máltaise, Polainnise, Portaingéilise, Rómáinise, Seicise, Slóivéinise, Slóvaicise agus Sualainnise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/857 a cheartú dá réir sin. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile,

---

[1] IO L 176, 27.6.2013, lch. 338, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/36/oj.

[2] Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/857 ón gCoimisiún an 1 Nollaig 2023 lena bhforlíontar Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear modheolaíocht chaighdeánaithe agus modheolaíocht chaighdeánaithe shimplithe chun meastóireacht a dhéanamh ar rioscaí a eascraíonn as athruithe féideartha i rátaí úis a dhéanann difear do luach eacnamaíoch cothromais agus do ghlanioncam úis gníomhaíochtaí leabhar neamhthrádála institiúide araon (IO L, 2024/857, 24.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/857/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/857 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3:

'(3) ciallaíonn 'ráta úis saor ó riosca', le haghaidh airgeadra ar leith, an ráta úis a chomhfhreagraíonn d'aibíocht ar chuar toraidh, ar ráta úis é nach n-áirítear leis raonta difríochta creidmheasa nó raonta difríochta leachtachta a bhaineann go sonrach le hionstraim nó le heintiteas';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 13 agus 14:

'(13) ciallaíonn 'taisce chobhsaí neamh-aibíochta' an chuid sin den taisce neamhaibíochta ar dócha í a bheith fós neamhtharraingthe faoi na rátaí úis atá ann tráth a gcuirtear i bhfeidhm an mhodheolaíocht chaighdeánaithe chun an sreabhadh airgid athphraghsála barúlach a shliotánú;

(14) ciallaíonn 'ráta idirmheánach' an céatadán den athrú sa ráta úis margaidh a shannann institiúid do thaisce chun an leibhéal céanna taiscí cobhsaí a choinneáil ar bun faoi na rátaí úis neamhtharraingthe faoi na rátaí úis atá ann tráth a gcuirtear i bhfeidhm an mhodheolaíocht chaighdeánaithe chun an sreabhadh airgid athphraghsála barúlach a shliotánú;';

(2) in Airteagal 9(2), an chéad fhomhír de, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na dara habairte:

'Déanfaidh institiúidí meastachán ar an meánráta réamhíocaíochta sin ar leithligh le haghaidh gach punann de shuíomhanna leabhar aonchineálacha neamhthrádála agus faoi struchtúr an téarma rátaí úis atá ann an tráth sin, bunaithe ar na barúlacha inmheánacha uile a bheidh ar fáil.';

(3) in Airteagal 9(4), an chéad fhomhír de, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) an méid gan íoc d'iasachtaí ráta seasta dá dtagraítear i mír 1 de chineál táirge aonchineálach a ainmnítear in airgeadra áirithe;';

(4) in Airteagal 10(4), an chéad fhomhír de, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na dara habairte:

'Déanfaidh institiúidí meastachán ar leithligh ar ráta fuascailte bunlíne na dtaiscí téarma carnacha sin le haghaidh gach punann de tháirgí aonchineálach a ainmnítear in airgeadra, bunaithe ar na barúlacha inmheánacha uile a bheidh le fáil agus faoi struchtúr an téarma rátaí úis atá ann an tráth sin.';

(5) in Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 6 agus 7, an chéad abairt:

'6. Maidir le gach tráinse aga athphraghsála dá dtagraítear i bpointe 1 den Iarscríbhinn, tiocfaidh institiúidí ar an méid de thaiscí téarma fuascailte luaithe ag rátaí seasta lena bhfuil coinne trí na taiscí téarma ag ráta seasta dá dtagraítear i mír 1 de chineál táirge aonchineálach áirithe arna ainmniú in airgeadra áirithe a iolrú faoi ráta fuascailte bunlíne na dtaiscí téarma carnacha is infheidhme le haghaidh na dtaiscí téarma ag ráta seasta arna gcoigeartú i gcomhréir le mír 5.

7. Maidir leis na tráinsí aga athphraghsála agus na foirne de chineálacha táirge aonchineálacha uile, tiocfaidh institiúidí ar mhéid iomlán na dtaiscí téarma fuascailte luaithe ag rátaí seasta trí na méideanna fuascailte luaithe dá dtagraítear in mír 6 a chomhiomlánú.';

(6) *(Ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge.)*

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Márta 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN